



Ghníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2011





# Clár Ábhar

Baill Den Bhord	3
An NDFA – Ról agus Feidhmeanna	5
Forbhreathnú 2011	6
Dul Chun Cinn Ar Thionscadail Ina Bhfeidhmíonn An NDFA:	
Mar Údarás Soláthair	8
Mar Chomhairleoir Airgeadais	14
Rialachas	20
Aguisíní	
Liosta Na Núdarás Stáit	22
Ráitis Airgeadais	23



Gníomhaireacht Náisiúnta  
d'Fhorbairt Airgeadais

National Development  
Finance Agency

29 June 2012

Mr. Michael Noonan, TD  
Minister for Finance  
Government Buildings  
Upper Merrion Street  
Dublin 2

Dear Minister,

I have the honour to submit to you the Report and Accounts of the National Development Finance Agency for the year from 1 January 2011 to 31 December 2011.

Yours sincerely,

**John C. Corrigan**  
Chairman

Foirgneamh an Chisteáin, Sráid na Canálach Móire, Baile Átha Cliath 2, Éire  
Guthán 353 1 664 0800 Facs 353 1 676 6582  
Ríomhphost [info@ndfa.ie](mailto:info@ndfa.ie) Suíomh Gréasáin [www.ndfa.ie](http://www.ndfa.ie)

Treasury Building Grand Canal Street, Dublin 2, Ireland  
Telephone 353 1 664 0800 Facsimile 353 1 676 6582  
Email [info@ndfa.ie](mailto:info@ndfa.ie) Web [www.ndfa.ie](http://www.ndfa.ie)

# Bail Den Bhord



**John Corrigan**

Cathaoirleach  
Príomhfheidhmeannach,  
Gníomhaireacht Bainistíochta an  
Chisteáin Náisiúnta



**Brian Murphy**

Príomhoifigeach Feidhmiúcháin  
Stiúrthóir, Gníomhaireacht  
Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta



**Fred Barry**

(téarma éagtha an 1 Bealtaine 2012)  
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, an  
tÚdarás um Bóithre Náisiúnta



**Liam Berney**

(téarma éagtha an 1 Bealtaine 2012)  
Oifigeach Tionsclaíoch, Comhdháil  
na gCeardchumann



**Ann Fitzgerald**

Príomhoifigeach Feidhmiúcháin,  
an Ghníomhaireacht Náisiúnta do  
Thomhaltóirí



**Stewart Harrington**

(téarma éagtha an 1 Bealtaine 2012)  
Stiúrthóir, Killeen Properties Limited



**Tony Jones**

Sainchomhairleoir Gnó



**Peter McManamon**

Cathaoirleach, Ceva Inc.


*Chas an Bord le chéile 5 huairé in 2011*

# Ár gCustaiméirí



**Kildare County Council**  
Comhairle Contae Chill Dara

DEPARTMENT OF EDUCATION AND SKILLS  
*An Roinn Oideachais Agus Scileanna*



Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte  
Health Service Executive





# An Gníomhaireacht Náisiúnta Forbartha Airgeadais

## Ról agus Feidhmeanna

Bunaíodh an Gníomhaireacht Náisiúnta Forbartha Airgeadais (NDFA) an 1 Eanáir 2003 de réir an Achta um Gníomhaireacht Náisiúnta Forbartha Airgeadais, 2002, chun seirbhís chomhairleach airgeadais a sholáthar d'Údarás Stáit maidir le tionscadail chaipitiúla atá os cionn méid áirithe – €30 milliún i láthair na huaire – faoi threoiríní a eisíonn an tAire Airgeadais. Is gá gach tionscadal atá á sholáthar trí Chomhpháirtíochtaí Príobháideacha Poiblí (CPPanna) a chur ar aghaidh chuig an NDFA le haghaidh comhairle, beag beann ar a mhéid. Cuireann an NDFA a bhfeidhmeanna i gcrích trí Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (NTMA).

Sular bunaíodh an NDFA, ní raibh aon saineolas seanbhunaithe airgeadais tionscadal ann a bhí ar fáil don Rialtas. Ina ionad sin, thugtaí grúpaí comhairleacha agus saineolaithe eile le chéile chun comhairle a chur ar fáil ar thionscadail aonair. Nuair a chríochnaítí gach tionscadal, chuirte deireadh leis an bhfoireann tionscadail agus chaillte an corpas eolais agus an saineolas taobh istigh den tseirbhís phoiblí, nach mór.

D'fhoilsigh an Rialtas a gcinneadh le "Ionad Saineolais" a bhunú laistigh den NDFA in Iúil 2005. Rinne an tAcht um NDFA (Leasú), 2007, leathnú suntasach ar ról na Gníomhaireachta chun soláthar iarbhir na dtionscadal caipitil poiblí CPP go léir a chuimsiú, seachas tionscadail iompair, rudaí atá á soláthar cheana féin i sainorduithe na nÚdarás Stáit iompair ábhartha agus CPPanna na n-Údarás Áitiúil.

Cuireann an fheidhm sholáthair leis an bhfeidhm chomhairle airgeadais atá bunaithe cheana féin taobh istigh den NDFA agus bíonn sé á rialú chomh maith le treoiríní a eisíonn an tAire Airgeadais.

Is é líon iomlán na foirne san NDFA faoi láthair 37.

I measc na bpríomhsheirbhísí a chuireann an NDFA ar fáil tá an méid a leanas:

- comhairle airgeadais, ar rioscaí agus árachais.

Sa bhreis air sin le haghaidh Tionscadail CPP:

- Tagarmharcanna na hEanála Poiblí a ullmhú (is costáil chuimsitheach coigeartaithe de réir riosca lánsaoil de thionscadal é an tagarmharc seo faoi choinníollacha traidisiúnta soláthair, léirithe mar fhiúir airgeadaíoch amháin)

- ullmhú doiciméid chonartha
- an tionscadal a chur ar tairiscint
- réamhchailiú na gcuibhreannas forthairgeora
- measúnú tairiscintí
- roghnú na dtairiscintí tosaíochta
- idirbheartaíocht chonartha
- measúnú ar luach ar airgead
- síniú conarthaí CPP ar son na Roinne Rialtais/ Gníomhaireachta Stáit
- monatóireacht a dhéanamh ar thógáil an tionscadail
- riar an chonartha go dtí an "chéim lándéanta" agus tabhairt ar ais i rith idirthréimhse chéimnitheach don gníomhaireacht urraíochta.

Agus a ndualgas á gcur i gcrích, is gá don NDFA an aird chuí a thabhairt ar an treorú agus ar na treoracha a eisíonn an tAire Airgeadais maidir le maoiniú agus soláthar tionscadail infheistíochta poiblí, go háirithe *Na Treoiríní d'Údarás Stáit maidir leis an nGníomhaireacht Náisiúnta Forbartha Airgeadais (2007)*, *Na Treoiríní maidir le Measúnú agus Bainistíocht Tograí Caiteachais Caipitil san Eanáil Phoiblí (2005)*, *an Creatbheartas Náisiúnta Soláthair (2005)*, *na Treoiríní maidir le Soláthar Bonneagair agus Infheistíochtaí Caipitil trí Chomhpháirtíochtaí Poiblí Príobháideacha (2006)*, agus *an Creat do Chomhpháirtíochtaí Poiblí Príobháideacha (2001)* agus *conarthaí agus treoir ó Choiste Conarthaí Tógála an Rialtais*.

# Forbhreathnú 2011

## Cúlra

Tá tionchar tromchúiseach arna imirt ar an margadh bonneagair in Éirinn ag an ngéarchéim dhomhanda airgeadais. Bhí drochthionchar ag an ngéarchor creidmheasa a thosaigh in 2008, géarchéim limistéar an euro agus ag an bhfiachas ceannasach cheana féin ar an gcuid is mó de na tionscadail in Éirinn le cúpla bliain anuas. D'éascair staid an-lag fhioscach as seo in Éirinn i gcaitheamh 2011, gníomh a laghdaigh an caipiteal ar a raibh fáil ag an Rialtas lena chaitheamh ar thionscadail bhonneagair. Tá margaí bainc a chuir fiachas ar fáil do thionscadail Éireannacha an-teoranta anois agus tá a bhfoirne éirithe an-dhochraideach.

Faoi Mheán Fómhair 2010, bhí sé ina dheacracht mhéadaitheach do bhainc Éireannacha aon chistiú méantéarmach a chruthú agus rinneadh an ráthaíocht bhainc a bhí i bhfeidhm ó Mheán Fómhair 2008 a athnuachan don tríú bliain. I Samhain 2010, d'iarr Éire go foirmiúil ar thacaíocht airgeadais ó Shaoráid um Chobhsaíocht Airgeadais an Aontais Eorpaigh (EFSF) agus ón gCiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta (IMF). Chomhaontaigh an Rialtas, an 28 Samhain 2010, le clár trí bliana tacaíochta airgeadais €85 billiún d'Éirinn ón Aontas Eorpach agus ón IMF.

Ba bhliain shuaithe 2010 i dtaobh gheilleagar na hÉireann agus san airgeadas poiblí a fhad le holltoghchán go luath in 2011. In Aibreán 2011, d'íosghrádaigh Moody's fiachas bainc na hÉireann chuig stádas grád fo-infheistíochta. Faoi Lúnasa 2011, b'ionann iasachtaí le sé bhanc ag an mBanc Ceannais Eorpach (ECB) agus ag Banc Ceannais na hÉireann agus €150 billiún.

I leith an chúlra seo de ghéarchéim thromchúiseach airgeadais a rinne an Ghníomhaireacht Náisiúnta Forbartha Airgeadais iarrachtaí chun tionscadail a chur chun cinn in 2011. Mar thoradh ar staid airgeadais an stáit, agus ar an bhfáil teoranta a bhí acu ar mhaoiniú bainc, áfach, bhí an dealramh air go raibh dúnadh airgeadais tionscadail mhórsála, lena n-áirítear CPPanna ina dhúshlán fíor-mhór.

Cuireann an NDFA comhairle airgeadais ar fáil ar an uile thionscadal a gcuirtear faoina mbráid agus tá comhairle á cur acu faoi láthair ar Údarás Stáit maidir le 25 tionscadal. Ó bunaíodh an NDFA, chuir siad comhairle ar fáil maidir le 48 tionscadal ar a bhfuil comhluch caipitiúil breis agus €6.5 billiún, ar CPPanna 26 díobh.





## Tionscadail ina bhfuil an NDFA an tÚdarás Ainmnithe Soláthair

Ba iad an NDFA an t-údarás ainmnithe soláthar le haghaidh deich dtionscadal CPP ag tús 2010. Rinneadh sé cinn a thabhairt don NDFA go foirmiúil le haghaidh soláthair ag an gcéim sin, agus amach astu seo, tá dhá bheart scoite scoileanna (deich scoil ar an iomlán) anois tugtha chun críche agus tá an tríú beart scoileanna (ocht scoil ar an iomlán) curtha chun cinn sa soláthar (féach thíos).

- Bhain an dara beart scoileanna CPP a cuireadh chuig an NDFA i mBealtaine 2008 críoch airgeadais amach i Meitheamh 2010 le Macquarie Partnerships for Ireland. Cuireadh tógáil agus seachadadh an uile scoile sa bheart seo i gcrích go luath de réir an chláir agus cuireadh an scoil deiridh i gcrích i nDeireadh Fómhair 2011. Cuireann na sé scoil seo cóiríocht ar fáil do thart ar 4,700 mac léinn i gCorcaigh, Luimneach, Cill Dara, Cill Mhantáin agus sa Mhí.
- Ceapadh an rogha forthairgeora don tríú beart scoileanna, CPP BAM, i Meán Fómhair 2011. Fuarthas cead pleanála don uile scoil faoi Bhealtaine 2012. Tá an beartas eile atá fanta, ceisteanna tráchtála agus soláthair á gcur chun cinn leis an rogha forthairgeora maidir leis an tionscadal. Faoi réir réiteach sásaimh na gceisteanna seo, ba cheart go mbainfeadh an tionscadal críoch airgeadais amach agus go dtosófar ar thógáil níos déanaí i mbliana. Cuirfidh an beart seo cóiríocht ar fáil do thart ar 5,700 mac léinn thar ocht scoil i nDún na nGall, Liatroim, Luimneach, Port Láirge, an Iarmhí, Loch Garman agus Gaillimh.

Rinneadh na trí thionscadal eile CPP a tugadh don NDFA lena soláthar a chealú mar thoradh ar inacmhainneacht laghdaithe státchiste. Chealaigh an Rialtas an chéad agus an dara beart den Chlár CPP Tríú Leibhéal i Samhain 2011 mar chuid de “Chreat Meántéarmach Bonneagair agus Infheistíochta Caipitiúla an Státchiste 2012-16”. Maidir leis an gcéad bheart, ceapadh an rogha forthairgeora agus i gcás an dara birt, bhí measúnú á dhéanamh ar na forthairgeoirí.

Chealaigh an Rialtas tionscadal an Cheolárais Náisiúnta i Samhain 2010.

## Tionscadail ina bhfuil an NDFA ina gComhairleoir Airgeadais

- Tá an NDFA ag gníomhú mar chomhairleoir airgeadais d’Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte ar roinnt tionscadail sláinte, lena n-áirítear athlonnú na Seirbhísí Náisiúnta Meabhairshláinte chuig Naomh Ita i bPort Reachrann; an tIonad Sármhaitheasa um Aosú Folláin ag Ospidéal Naomh Séamas; Lamháltas um Bainistiú Fuinnimh le haghaidh thart ar 30 saoráid i ndeisceart na tíre; agus bhí siad fostaithe le déanaí le comhairle airgeadais a chur ar fáil ar infheistíocht bheartaithe bhonneagair mar thacaíocht le Straitéis Cúraim Phríomhúil FSS. Ina theannta sin, tá comhairle airgeadais á cur ar fáil ag an NDFA maidir le forbairt an Ospidéal Náisiúnta Péidiatraicigh. Tá stop á chur ar an tionscadal seo faoi láthair ar feitheamh thoradh an Ghrúpa Athbhreithnithe a cheap an tAire Sláinte i ndiaidh chinneadh an Bhoird Phleanála maidir le hiarratas pleanála do shuíomh Ospidéal an Mater an 23 Feabhra 2012.
- Tá an NDFA ag tacú leis an Údarás um Bóithre Náisiúnta (NRA) i soláthar dhá thionscadal bóithre CPP. Cheap an NRA an rogha forthairgeora do scéim an N11 (an tInbhear Mór-Ráth Naoi, agus Crois an Fhearainn Nua á cur san áireamh) i Meitheamh 2011. Ceapadh an rogha forthairgeora do scéim an N17/ N18 (an Gort-Tuaim) i nDeireadh Fómhair 2011. Ina theannta sin, tá comhairle á cur ag an NDFA ar an NRA maidir leis an dara tráinse de limistéir sheirbhíse a sheol an NRA a soláthar i mBealtaine 2011.
- Leanann an NDFA le comhairle airgeadais a chur ar fáil ar líon tionscadail shuntasacha bhonneagair sna hearnálacha fuinnimh, dramhaíola agus uisce. Cabhróidh na tionscadail seo le feabhas a chur ar tháirgiúlacht agus ar iomaíocht náisiúnta agus le tacaíocht a thabhairt d’fhostaíocht inbhuanaithe agus le bonneagar ríthábhachtach a sholáthar do riachtanais shóisialta agus chomhshaoil.
- Leanann an NDFA le dul i dteagmháil leis an lucht cistithe iltaobhaigh d’fhonn an fháil atá ar chistiú atá éifeachtach i dtaobh costais de a uasmhéadú do bhonneagar na hÉireann. Chuaigh an NDFA i dteagmháil le Banc Forbartha Chomhairle na hEopra (CEB) agus leis an mBanc Eorpach Infheistíochta (EIB) a chuireann cistiú atá íseal go maith i dtaobh costais de ar fáil do thionscadail i roinnt earnálacha, lena n-áirítear sláinte, oideachas agus tithíocht shóisialta.

# Dul Chun Cinn Ar Thionscadail Ina Bhfeidhmíonn An NDFA Mar **An Údarás Soláthair**

## Clár Oideachais

### CLÁR CPP NA SCOILEANNA: FORBHREATHNÚ

D'fhógair an tAire Oideachais agus Scileanna an 29 Meán Fómhair plean chun 23 meánscoil nua agus ceithre bhunscoil nua a chur ar fáil trí CPP (an Clár Scoileanna). Tá comhairle airgeadais á cur i bhfeidhm ag an NDFA agus tá siad freagrach as gach gné lena mbaineann soláthar na dtionscadal aonair laistigh den chlár €300 milliún seo a sheachadadh.

#### An Chéad Bheart Scoileanna

Soláthraíonn an chéad bheart CPP scoileanna, dearadh, tógáil, maoiniú agus cothabháil (DBFM) 2,700 áit scoláire. Is éard a bhí i gceist leis, sé scoil reatha a ionadú le ceithre scoil nua a bhí lonnaithe i Laois agus in Uíbh Fhailí. Bronnadh an conradh ar Macquarie Partnerships for Ireland (MPFI) agus bhain siad críoch airgeadais amach i Márta 2009.

Ba é an beart thuas an chéad tionscadal a sholáthair an NDFA le críoch tógála a bhaint amach. Baineadh tosú seirbhíse amach sna ceithre scoil uile i Meán Fómhair 2010 agus bhí fáil orthu go tráthúil le haghaidh foirne agus scoláirí do scoilbhliain nua 2010/2011.

Aistríodh an fhreagracht as gné bhainistíochta saoráidí 25 bliain an chonartha CPP leis an MPFI ón NDFA chuig an Roinn Oideachais agus Scileanna in Eanáir 2011 i ndiaidh gur cuireadh an tréimhse riachtanach idirlinne i gcrích.

#### An Dara Beart Scoileanna

Is sé scoil atá sa dara beart scoileanna CPP a atreoraíodh chuig an NDFA i mBealtaine 2008 atá lonnaithe i gContae Chorcaí, Chill Dara, Luimnigh, Chill Mhantáin agus na Mí agus cuireann siad cóiríocht ar fáil do 4,700 scoláire. Bronnadh an conradh ar Macquarie Partnerships for Ireland (MPFI) agus bhain siad críoch airgeadais amach i Meitheamh 2010. Cuireadh tógáil agus seachadadh gach scoile sa bheart seo i gcrích sula rabhthas ag súil leis le linn 2011, agus cuireadh an scoil deiridh i gcrích i nDeireadh Fómhair 2011.

Aistríodh an fhreagracht as gné bhainistíochta saoráidí 25 bliain an chonartha CPP leis an MPFI ón NDFA chuig an Roinn Oideachais agus Scileanna i mBealtaine 2012 i ndiaidh gur cuireadh an tréimhse riachtanach idirlinne i gcrích.

Léirigh an tionscadal seo daingne an phróisis CPP le freagairt d'fhorbairtí diúltacha. Chuaigh Pierser Contracting Ltd., ceann de dhá chomhpháirtí comhfhiontair a cheap an Chuideachta CPP leis na hoibreacha a thógáil, chun scrúdaitheoireachta i nDeireadh Fómhair 2010 agus rinneadh iad a leachtú ina dhiaidh sin go luath i Samhain 2010. Tháinig an dara conraitheoir comhfhiontair, John Sisk & Sons Ltd., in ionad Pierser, amhail a cheanglaítear faoin gconradh CPP agus d'éirigh leo na hoibreacha a chur i gcrích gan aon tionchar diúltach ar an tionscadal nó na dátaí seachadta.



*An dara beart scoileanna, tógáil tugtha chun críche in 2011*



### **An Tríú Beart Scoileanna**

Is éard atá i gceist leis an tríú beart scoileanna ocht scoil lena mbainfidh meascán de scoileanna nua agus ionaid agus cuirfear cóiríocht ar fáil do thart ar 5,700 scoláire. Tá na scoileanna seo lonnaithe i gContae Dhún na nGall, na Gaillimhe, Liatroma, Luimneach, Phort Láirge, na hIarmhí agus Loch Garman.

Chuaigh an tionscadal seo chun an mhargaidh i Lúnasa 2010 agus cuireadh tairiscintí faoi bhráid an NDFA in Iúil 2011. Ceapadh an rogha forthairgeora (CPP BAM) i Meán Fómhair 2011.

Tá na ceisteanna beartais, tráchtála agus soláthair nár pléadh leo go fóill á gcur chun cinn leis an rogha forthairgeora maidir leis an tionscadal. Faoi réir réiteach sásúil na gceisteanna seo, ba cheart go mbainfeadh an tionscadal críoch airgeadais amach agus go dtosófar ar thógáil níos déanaí i mbliana.

## CLÁR CPP OIDEACHAIS TRÍÚ LEIBHÉAL

Idir lár 2007 agus Samhain 2011, bhí an NDFA ag tabhairt tacaíochta don Roinn Oideachais agus Scileanna i bhforbairt agus i soláthar clár €250 milliún de thionscadail chóiríochta Tríú Leibhéal. Bhí an NDFA freagrach as comhairle airgeadais a chur ar fáil agus as soláthar agus seachadadh na dtionscadal CPP seo a bhainistiú. Beartaíodh cúig thionscadal déag forbartha aonair thar naoi láthair ar leith champais, a cuireadh le chéile i dtrí chonradh ar leith CPP.

Chealaigh an Rialtas an chéad agus an dara beart den Chlár CPP Tríú Leibhéal i Samhain 2011, a bhí curtha chun cinn go maith sa soláthar, i ndiaidh fhoilsiú “Chreat Meántéarmach Bonneagair agus Infheistíochta Caipitiúla an Státchiste 2012-16”. Ag an bpointe a cealaíodh an clár, bhí an rogha forthairgeora arna cheapadh chuig an gcéad bheart agus bhí tairiscintí arna bhfáil go luath ina dhiaidh sin agus bhí measúnú á dhéanamh orthu i gcás an dara birt.

### An Chéad Bheart de Shaoráidí Oideachais Tríú Leibhéal

Is éard a bhí sa chéad bheart d’instiúidí tríú leibhéal sé shaoráid ag ceithre Instiúid Teicneolaíochta/ fhoirgneamh Ollscoile: Ollscoil Luimnigh, Instiúid Teicneolaíochta Luimnigh, Instiúid Teicneolaíochta Chorcaí agus Instiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire. Tugadh don NDFA é lena sholáthar in Iúil 2009. D’eisigh an NDFA Cuireadh chun Idirbheartaíochta a dhéanamh i Nollaig 2009 don tríúr iarrthóirí a bhí ar an ngearrliosta agus fuarthas tairiscintí deiridh i Lúnasa 2010. Ceapadh an Rogha Forthairgeora (Cuibhreannas Solas) go luath i bhFeabhra 2011. Deimhníodh gach cead pleanála nuair a bhí an tionscadal arna chealú i Samhain 2011.

### An Dara Beart de Shaoráidí Oideachais Tríú Leibhéal

Is éard a bhí i gceist leis an dara beart trí fhoirgneamh ag Instiúid Teicneolaíochta Thamhlachta agus dhá fhoirgneamh ag Instiúid Teicneolaíochta Phort Láirge. Ceadáíodh ceadanna imlíneacha pleanála don dá shuíomh. Tugadh an tionscadal go foirmiúil don NDFA lena sholáthar i Meán Fómhair 2010 ag an Roinn Oideachais agus Scileanna.

Eisíodh an Cuireadh chun Idirbheartaíochta a dhéanamh i bhFeabhra 2011 agus fuarthas tairiscintí deiridh an 10 Deireadh Fómhair 2011. Bhí an measúnú ar thairiscintí ar bun nuair a bhí an tionscadal cealaithe.

### An Tríú Beart de Shaoráidí Oideachais Tríú Leibhéal

Bhí cead imlíneach pleanála arna fháil do na saoráidí sa Tríú Beart, ina bhfuil ceithre fhoirgneamh ag Instiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe/Mhaigh Eo, Instiúid Teicneolaíochta Cheatharlach agus ag OÉ, Má Nuad.

Cheadaigh an Roinn Oideachais agus Scileanna an tSonraíocht Aschurtha agus Tagarmharc na hEarnála Poiblí i bhFeabhra 2011 agus rinneadh cáipéisí soláthair a chur i gcrích réidh lena n-eisiúint nuair a bhí an clár cealaithe.



## FEIDHMEANNACHT NA SEIRBHÍSE SLÁINTE

### An Clár Náisiúnta um Oinceolaíocht Radaíochta

Is éard atá i gceist leis an bPlean Náisiúnta um Oinceolaíocht Radaíochta (NPRO) soláthar beartaithe líonra saoráidí do sheachadadh seirbhísí oinceolaíocht radaíochta mar chuid den Chlár Náisiúnta Rialaithe Ailse. Is éard atá i gceist leis seo, tógáil agus feistiú saoráidí oinceolaíocht radaíochta ag sé láthair i bPort Láirge, Corcaigh, Luimneach, Gaillimh, Ospidéal Naomh Séamas agus Ospidéal Beaumont i mBaile Átha Cliath.

Is éard atá i gceist leis an NPRO dhá phríomhshruth oibre, ar a dtugtar Céim 1 agus 2. Cuireadh Céim 1, ina raibh saoráidí eastramhacha i gceist ag Ospidéal Naomh Séamas agus Ospidéal Beaumont, i gcrích sa cheathrú ráithe de 2010. Ghníomhaigh an NDFA mar chomhairleoir airgeadais don tionscadal seo. Sheol an tAire Sláinte na saoráidí an 12 Márta 2012 ag “Ionaid Oinceolaíocht Radaíochta Naomh Lúcas ag Ospidéal Beaumont agus Naomh Séamas”.


Tagraíonn Céim 2 do na saoráidí eile sa chlár beartaithe a mheastar a sholáthrófar trí CPP. Dhlúthoibrigh an NDFA leis an gClár Náisiúnta Rialaithe Ailse maidir le Tionscadal Chéim 2, agus an chomhairle riachtanach airgeadais agus bhainistíochta tionscadal á cur ar fáil don tionscadal coimpléascach seo. Thosaigh an tionscadal in 2005 agus bhí sé faoi réir líon moilleanna go dtí seo de bharr go raibh ceisteanna um beartas sláinte á dtabhairt chun críche. Cé go ndearnadh dul chun cinn suntasach maidir leis an tionscadal a ullmhú do sholáthar trí mheán CPP sa tráth seo, níorbh ann d’aon fhorbairtí ábhartha le linn 2011. Tá an NDFA ar feitheamh ordú ó FSS ina leith seo, ar feitheamh cinneadh ón Aire Sláinte maidir le comhdhéanamh an tionscadail agus cibé acu an soláthrófar é go traidisiúnta nó ag CPP.



### Ospidéal Ginearálta Shligigh

Is éard atá i gceist leis an tionscadal seo athfhorbairt agus síneadh beartaithe géarshaoráidí ospidéil ag Ospidéal Ginearálta Shligigh. Tá sé i gceist ag an síneadh beartaithe nua ag an ospidéal bloc nua a thógáil do rannóg éigeandála, obrádlanna, aonad dianchúraim, bardaí máinliachta agus raideolaíochta, saoráidí péidiatraice agus cnáimhseachais. In 2011, chuir an NDFA comhairle airgeadais agus tionscadal ar fáil ar an tionscadal seo maidir le rogha fhéideartha soláthair CPP agus sa chéad ráithe in 2011, cuireadh Cás Gnó i gcrích agus chuir Ospidéal Ginearálta Shligigh faoi bhráid FSS é. Tá an NDFA ag feitheamh le breis treoracha maidir leis an tionscadal seo.



# Clár Traidisiúnta Scoileanna



-  Bunscoileanna
-  Meánscoileanna



## Feidhm Bheartaithe Mar Údarás Soláthair Do Thionscadail Neamh-CPP Tógála A Scoile

### CLÁR TRADISIÚNTA SCOILEANNA: FORBHREATHNÚ

I Márta 2012, d'fhógair an tAire Oideachais agus Scileanna sonraí faoi 219 mórthionscadal nua tógála scoile a thosófar le linn na gcúig bliana amach romhainn mar chuid de chlár infheistíochta caipitiúla €2 billiún. Tá na tionscadail nua seo sa bhreis ar na 56 mórthionscadal tógála scoile a fógraíodh cheana féin le haghaidh 2012. Agus an clár á fhógairt aige, dúirt an tAire Quinn "Cruthóidh an infheistíocht seo 15,000 post díreach agus 3,000 post indíreach i gcaitheamh thréimhse an chláir (meán bliantúil 3,000 post díreach agus 600 post indíreach)."

Áirítear le plean cúig bliana na Roinne líon modhanna malartacha chun tionscadail a sheachadadh. Cabhróidh an NDFA, mar aon le hOifig na nOibreacha Poiblí (OPW),

Coistí Gairmoideachais (VEC) agus Comhairlí Contae leis an Roinn maidir le seachadadh breis agus 80 mórthionscadal scoile.

Beidh an clár tacaíochta seo ag an NDFA sa bhreis ar an gclár CPP Scoileanna, a ngníomhaíonn an NDFA go fóill mar an ngníomhaire soláthair agus seachadta ina leith. Tá tús curtha ag an NDFA cheana féin leis an Roinn maidir le straitéis optamach seachadta a shainiú do thart ar 20 tionscadal tógála scoile agus leas á bhaint as conradh foirmeacha tógála an Rialtais. Beidh tionscadail á gcur chun cinn níos tapúla agus beidh siad á gcomhordú de bharr an chomhoibrithe idir na gníomhaireachtaí éagsúla atá bainteach.

### CLÁR SCOILEANNA LENA SEACHADADH

Beartha	Rolla Uimh.	Suíomh na Scoile	Contae	Cur Síos Achomair	Saghas
1	20166W	Scoil Náisiúnta Oideachas le Chéile Ghleann an Ghrífin, Leamhcán	Baile Átha Cliath	Síneadh	Bunscoil
1	63840C	Pobalscoil Sheosaimh na mBráithe Críostaí, Droichead Átha	Lú	Síneadh	Meánscoil
1	20017F	Scoil an Spioraid Naoimh, An Inse	An Mhí	Nuathógáil	Bunscoil
1	17839H	Scoil Náisiúnta Bhuachaillí Bheinn Naofa, Damhliag	An Mhí	Nuathógáil	Bunscoil
1	17840P	Scoil Náisiúnta Chailíní Bheinn Naofa, Damhliag	An Mhí	Síneadh	Bunscoil
1	20164S	Oideachas le Chéile na hUaimhe, An Uaimh	An Mhí	Nuathógáil	Bunscoil
2	91356F	Pobalscoil na Tulaí, An Tulach	Ceatharlach	Síneadh	Meánscoil
2	19797E	Scoil Náisiúnta Bhríde, Claonadh	Cill Dara	Síneadh	Bunscoil
2	19675N	Scoil Náisiúnta Naomh Bríde, Cill Chuillinn	Cill Dara	Síneadh	Bunscoil
2	19995I	Oideachas le Chéile Chill Dara Thuaidh, Cill Droichid	Cill Dara	Síneadh	Bunscoil
2	17223O	Scoil Náisiúnta Mhuire agus Ghearóid Áth na Sceire	Cill Mhantáin	Síneadh	Bunscoil
3*	16271U	Scoil Náisiúnta Chnocán na Biolraí, Cnocán na Biolraí	Corcaigh	Síneadh	Bunscoil
3*	13234W	Scoil Náisiúnta na Cloiche Duibhe, Áth an Chóiste	Corcaigh	Síneadh	Bunscoil
3*	62360G	Pobalscoil na mBráithe Críostaí Mainistir na Corann	Corcaigh	Síneadh	Meánscoil
4*	62870G	Coláiste na Toirbhirte Baile Átha an Rí (Gan Deimhniú)	Gaillimh	Nuathógáil	Meánscoil
4*	61410N	Meánscoil na Toirbhirte, Baile an Mhuilinn	Ciarraí	Nuathógáil	Meánscoil
4*	20229U	Scoil Náisiúnta Nagle Rice, Cill Orglan	Ciarraí	Nuathógáil	Bunscoil
4*	20184B	Scoil Náisiúnta na Gallmhóna agus Scoil Shóisearach South Hill (Amal)	Luimneach	Nuathógáil	Bunscoil

\* Tásach – faoi réir athbhreithniú

# Dul Chun Cinn Ar Thionscadail Ina Bhfeidhmíonn An NDFA Mar **Chomhairleoir Airgeadais**

## AN CLÁR OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA

### Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath (DIT)/Gníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Ghormáin (GDA)

I ndiaidh sheoladh an tionscadail ag an Taoiseach agus an Tánaiste i Meán Fómhair 2010, d'fhostaigh an NDFA an GDA go foirmiúil. Tá sé de chuspóir ag an GDA ceantar nua beoga cathrach a chruthú le meascán fairsing d'úsáidí, lena n-áirítear saoráidí nua cúram sláinte do FSS agus campas nua uirbeach do DIT, chun gach mac léinn agus ball foirne a thabhairt le chéile sa láthair chéanna.

Tá coinne leis go mbeidh an tionscadal ina thionscnamh fadtéarma a fhorbrófar agus leas á bhaint as meascán de CPP agus soláthar traidisiúnta agus tá comhairle airgeadais agus bainistíochta tionscadal á cur ar fáil ag an NDFA amhail is cuí. Soláthróidh an NDFA aon ghné CPP den fhorbairt, agus gníomhóidh siad mar ghníomhaire don GDA.

Thug an clár athbhreithnithe chaipitiúil a fógraíodh i Samhain 2011 faoi deara go gcuirfear infheistíocht

bhonneagair ar an tionscadal ar athló do shaolré an chláir athbhreithnithe chaipitiúil (2012-2016), ach go dtitfidh pleanáil amach i dtreo tionscadal tosaigh CPP, a d'fhéadfaí a chur i gcrích in 2017.

An 14 Bealtaine 2012, thug an Bord Pleanála faomhadh don scéim pleanála le haghaidh cheantar nua uirbeach Ghráinseach Ghormáin i mBaile Átha Cliath 7. Tá an fhorbairt, a ionchorpróidh mórchampas oideachais agus sláinte, mar aon le fónais spóirt, áineasa agus fónais eile phoiblí, le faomhadh ar dtús mar Chrios Forbartha Straitéisí (SDZ) i gCathair Bhaile Átha Cliath. Glacann Crios Forbartha Straitéisí cur chuige comhtháite i leith mórfhorbairt suímh. A luaithe a dhéantar é a chomhaontú, beidh sé ina cheanglas nach ndéanfar ach an plean a chuirfear ar aghaidh agus a fhaomhfar a fhorbairt. Ní mór dearadh foirgneamh aonair laistigh den SDZ a chur ar aghaidh chuig Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath lena bhfaomhadh, ach a luaithe a chomhlíonann siad Plean an SDZ, ní bheidh siad faoi réir achomhairc bhreise ag an mBord Pleanála.



*Imprisean Ealaíontóra de champas DIT ag Gráinseach*

## CUMARSÁID, FUINNEAMH AGUS ACMHAINNÍ NÁDÚRTHA

### Clár Aisfheistithe Fuinnimh

Bhí an NDFA fostaithe ag an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádirtha (DCENR) in Iúil 2011 le páipéar maoinithe Aisfheistithe Fuinnimh 'Íoc Mar a Shábháiltear' (PAYS) a ullmhú. Ba é cuspóir an pháipéir, a cuireadh faoi bhráid an DCENR i nDeireadh Fómhair 2011, tuairimí pháirtithe ionchasacha leasmhara PAYS a chomhordú agus le faisnéis a chur ar fáil d'fhorbairt tionscnamh PAYS amhail a dtugtar breac-chuntas air faoi Chlár an Rialtais 2011. Amhail a dtugtar breac-chuntas air sa chlár, léireoidh PAYS imeacht ó na scéimeanna reatha deontas-bhunaithe, le hinfheistíocht chaipitiúil san éifeachtúlacht fuinnimh chun tosaigh a thabhaíonn soláthróirí cláraithe PAYS, ar nós banc agus soláthróirí fuinnimh agus aisíocfar an infheistíocht chaipitiúil ó choigiltí imfhálaithe fuinnimh ar bhillí fóntais tomhaltóirí.

### Ionad Fuinnimh Mhalartaigh IDA Éireann

Bhí an NDFA fostaithe ag IDA Éireann in Iúil 2011 le comhairle airgeadais a chur ar fáil maidir le díol beartaithe talún laistigh de Pháirc Gnó agus Teicneolaíochta Leitir Ceanainn ar mhaithe le hionad fuinnimh mhalartaigh a fhorbairt ar an suíomh (faoi léas 999 bliain) a bheidh in ann tacú le líonra téimh cheantair le freastal ar an bPáirc Gnó agus Teicneolaíochta. Eisíodh cáipéisíocht soláthair i Meán Fómhair 2011. Chríochnaigh an NDFA a measúnuithe réamhcháilíochta agus réamhthairiscinte airgeadais sa chéad ráithe de 2012.

## FEIDHMEANNACHT NA SEIRBHÍSE SLÁINTE

### An tSeirbhís Náisiúnta Meabhairshláinte Fóiréinsí

Tá Naomh Ita, Port Reachrann bunaithe mar an rogha suímh don tSeirbhís nua Náisiúnta Meabhairshláinte Fóiréinsí (NFMHS) ina mbeidh an méid a leanas:

- (i) Lár-Ospidéal nua Meabhairshláinte Fóiréinsí (120 leaba);
- (ii) Aonad Míchumais Intleachtúil Mheabhairshláinte Fóiréinsí (10 leaba);
- (iii) Aonad Fóiréinseach Leanaí agus Ógánach (10 leaba); agus
- (iv) Aonaid Athshlánúcháin Dianchúraim (30 leaba).

Sa mhullach air sin, beidh dhá "Aonad Fhóiréinseacha Athshlánúcháin Dianchúraim" forbartha ag láithreacha cuí ar fud na tíre.

Leithdháileadh cistiú don tionscadal seo in athbhreithniú an Rialtais a rinneadh le déanaí, a thug an tionscadal ardtosaíochta sláinte náisiúnta seo chun solais.

Tá an NDFA ag gníomhú mar chomhairleoir airgeadais do FSS ar an tionscadal seo a soláthraíodh ar bhonn traidisiúnta. Tá foireann deartha á soláthar faoi láthair. Tá coinne leis go mbeidh an fhoireann deartha i bhfeidhm faoi Iúil 2012 agus go gceapfar conraitheoir tar éis cead pleanála a fháil faoi Lúnasa 2013.



Amharc ón aer ar an suíomh ag Naomh Ita, Port Reachrann





Imprisean Ealaíontóra den bhloc nua bardaí ag Ospidéal Ollscoile Naomh Uinseann



### An Lárionad Sármhaitheasa um Aosú Folláin

Tugadh faomhadh d'Ospidéal Naomh Séamas chun leanúint ar aghaidh leis an gClár 'Cúram na nAosach' ag Ospidéal Naomh Séamas. Tá an NDFA ag gníomhú mar chomhairleoir airgeadais do FSS ar an tionscadal seo a soláthraíodh ar bhonn traidisiúnta. Is é cuspóir an tionscadail cúram an chláir aosach a fhorbairt ag Ospidéal Naomh Séamas ina Lárionad Sármhaitheasa um Aosú Folláin (CESA). Cuirfidh an foirgneamh thart ar 16,000m<sup>2</sup> de chóiríocht ar fáil, lena n-áirítear 166 leaba othair mar aon le cóiríocht eile.

Tá fáil ar chistiú ó dhaonchairdeas agus cisteoidh FSS fuílleach na gcostas caipitiúil. Ceapadh foireann deartha le déanaí agus tá siad ag oibriú leis na cliniceoirí ag Ospidéal Naomh Séamas ar dhearadh don lárionad nua.

Tá coinne leis go gcuirfeadh an t-iarratas pleanála le haghaidh CESA ar aghaidh sa tríú ráithe in 2012, trí bhealach pleanála an údarais áitiúil, agus tá tógáil beartaithe le tosú sa cheathrú ráithe in 2013.

### Conradh um Bainistíocht Fuinnimh

Is gá don earnáil phoiblí a héifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú faoi 33% faoi 2020 mar chuid d'“Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta Fuinnimh” na hÉireann. Mar chuid den tionscnamh seo, tá úsáid conradh Cuideachta Seirbhísí Bainistíochta Fuinnimh (“ESCO”) á fiosrú ag FSS. Oibríonn conradh ESCO tríd an riosca a aistriú lena mbaineann coigiltí fuinnimh a bhaint amach do ESCO, a chuireann an infheistíocht chaipitiúil ar fáil a theastaíonn le coigiltí fuinnimh/costais a bhaint amach mar chúiteamh ar sciar de na coigiltí sin.

Tá an NDFA ag gníomhú mar chomhairleoir airgeadais do FSS, agus comhairle a chur ar fáil dóibh maidir le straitéis soláthair, buiséadú agus anailís ar riosca, meicníocht íocaíochta, cáipéis tairisceana agus forbairt chomhaontaithe tionscadail.

### An tOspidéal Náisiúnta Péidiatraiceach

Cuirfidh an tOspidéal Náisiúnta Péidiatraiceach seirbhísí náisiúnta treasacha na n-ospidéal reatha leanaí le chéile agus tá sé le hospidéal a chur ar fáil a dhéanfaidh sármhaitheas i gcúram cliniciúil, teagasc agus taighde a sheachadadh.

Chuir an NDFA comhairle ar FSS maidir leis na samhlacha Cás Gnó agus costais don tionscadal agus tabharfaidh siad faoi mheasúnú airgeadais ar aon aighneachtaí réamhcháilíochta.

Tá stop á chur leis an tionscadal faoi láthair ar feitheamh thoradh an Ghrúpa Athbhreithnithe a cheap an tAire Sláinte i ndiaidh chinneadh an Bhoird Phleanála maidir le hiarratas pleanála do shuíomh Ospidéal an Mater an 23 Feabhra 2012.

### An Straitéis Cúraim Phríomhúil

Leagtar amach sa Straitéis Cúraim Príomhúil “Cúram Príomhúil, Treo Nua (2001)” beartas an Rialtais maidir le cothromaíocht chúraim a aistriú ó chóras cúram sláinte ospidéal-bhunaithe chuig ospidéal atá lonnaithe sa phobal. Chuige seo, d'fhorbair FSS thart ar 40 Ionad Cúraim Phríomhúil trí leas a bhaint as meascán de sholáthar traidisiúnta agus as an tsamhail léasaithe faoi stiúir an fhorbróra. Teastaíonn thart ar 160 Ionad Cúraim Phríomhúil sa bhreis ar fud na tíre agus d'iarr FSS le déanaí ar an NDFA le comhairle a chur ar fáil maidir leis na gnéithe airgeadais den Anailís ar Chostas Tairbhe do ghnéithe infheistíochta caipitiúla den tionscadal seo.



An N6 idir Gaillimh/Béal Átha na Sluaighe

## IOMPAR – BÓITHRE

### AN DARA CLÁR CPP BÓITHRE

#### Scéim an N17/N18 (an Gort go dtí Tuaim)

Tá comhairle airgeadais á cur ar fáil ag an NDFA don Údarás um Bóithre Náisiúnta ar scéim N17/N18 (an Gort go dtí Tuaim), a chuirfidh 57 ciliméadar de mhótarbhealach agus débhealach ar fáil mar chuid de nasc ardchaighdeán bóithre idir Leitir Ceanainn agus Port Láirge (Conair an Atlantaigh).

D'fhonn réiteach daingean cistithe a chur ar fáil agus mar fhreagairt do na drochfhorbairtí margadh cistithe le déanaí agus i ndiaidh comhairle dlí a fháil, rinneadh an iomaíocht soláthair a aistriú chuig nós imeachta idirbheartach i Márta 2011. I ndiaidh measúnú tairisceana, ceapadh Direct Route mar an rogha forthairgeora i nDeireadh Fómhair 2011. Chomhaontaigh an EIB i bprionsabal chun a mhéid agus 50% den fhiachas sinsearach a chur ar fáil don scéim.

#### Scéim an N11 (an tInbhear Mór, Ráth Naoi agus an N7 Crois an Fhearainn Nua)

Príomhnasc straitéiseach is ea an N11 sa líonra náisiúnta bóithre. Tá an t-uasghrádú chuig an N11 á sholáthar mar aon le huasghrádú aomhal Chrois an Fhearainn Nua mar thionscadal singil.

Amhail an N17/N18, i ndiaidh comhairle dlí, cinneadh i Márta 2011 leis an nós imeachta um sholáthar a athrú don tionscadal seo ó dhialóg iomaíochta chuig nós imeachta idirbheartach. Ceapadh BAM Balfour Beatty, i Meitheamh 2011 ag an Údarás um Bóithre Náisiúnta. Ina theannta sin, chomhaontaigh an EIB le méid shubstantiúil d'fhiachas sinsearach a chur ar fáil don scéim agus táthar ag súil le críoch airgeadais a bhaint amach ar an scéim go déanach in 2012.

#### Limistéir Seirbhíse Mótarbhealaigh (Tráinse 2)

D'eisigh an tÚdarás um Bóithre Náisiúnta Meabhrán um Fhaisnéis Tionscadail/Ceistneoir Réamhcháilíochta an 6 Bealtaine 2011, agus fuarthas freagairtí an 13 Meitheamh 2011. Tá an measúnú Réamhcháilíochta críochnaithe agus cuireadh beirt iarrthóirí ar an ngearrliosta.





*Oibreacha Fuíolluisce, Comhairle Contae Fhine Gall*

## IOMPAR – IARNRÓID

### An Mearchóras Iarnród Cathrach Thuaidh agus Iarnród faoi Thalamh an DART

I gcás thionscadail an Mhearchórais Iarnród Cathrach agus Iarnród faoi Thalamh an DART, luaitear i gCreat Meántéarmach Bonneagair agus Infheistíochta Caipitiúla an Státchiste 2012-16 a eisíodh i Samhain 2011 “i gcomhthéacs acmhainní laghdaithe, ní féidir leis na tionscadail iompair phoiblí atá níos mó agus a bheartaítear do Mhórchearntar Bhaile Átha Cliath (ar nós an Mhearchórais Iarnród Cathrach Thuaidh agus Iarnród faoi Thalamh an DART, a bhí le chur chun cinn mar thionscadail CPP, ach óna dteastaíonn ranníocaíochtaí an-suntasacha Státchiste) leanúint ar aghaidh faoi láthair. Táthar á gcur ar athló lena mbreithníú roimh an gcéad chlár caipitiúil eile a chuirfear i dtoll a chéile in 2015 agus a chuirfear an tréimhse ó 2016 ar aghaidh. Tá na tionscadail seo á n-iarchur, seachas á gcealú: tá siad fós ina bpríomhghnéithe den straitéis fhoriomlán chomhtháite iompair don GDA agus cuirfear chun cinn iad nuair a thiocfaidh feabhas ar na coinníollacha fíoscacha agus margaidh.”

## AN COMHSHAOL, POBAL AGUS RIALTAS ÁITIÚIL

### Scéim Uisce Bhailte agus Shráidbhailte Grúpáilte Phort Láirge

Tá comhairle airgeadais á cur ar fáil ag an NDFA do Chomhairle Contae Phort Láirge, an t-údarás soláthair, maidir le Scéim Uisce Bhailte agus Shráidbhailte Grúpáilte Phort Láirge. Tionscadal deartha, tógála agus oibríthe is ea seo agus eisíodh na cáipéisí réamhcháilíochta chuig an margadh in Aibreán 2010. Tá coinne leis go rachaidh an tionscadail chun tairisceana sa tríú ráithe de 2012.

### Ionad Dramhaíola/Fuinnimh an Phoill Bhig

Tá tionscadal Dramhaíola chuig Fuinnimh Bhaile Átha Cliath á fhorbairt mar Chomhpháirtíocht Phríobháideach Phoiblí idir Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath (atá ag gníomhú ar son na gceithre Údarás Áitiúil de chuid Bhaile Átha Cliath) agus Dublin Waste to Energy Ltd. (comhfhiontar idir Covanta Energy, SAM agus DONG Energy Generation A/S, an Danmhairg). Tá comhairle á cur ag an NDFA ar Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath maidir le maoiniú an tionscadail agus is ann do líon míreanna le réiteach sna míonna a bheidh le teacht. Ar réiteach na míreanna seo, tá coinne le críoch airgeadais a bhaint amach sa cheathrú ráithe de 2012.





## OBAIR AGUS GNÍOMHAÍOCHTAÍ EILE COMHAIRLEACHA DEN NDFA

### Cistiú Fiachais CPP

Leanann an NDFA le dul i dteagmháil leis an lucht cistithe iltaobhaigh d'fhonn an fháil atá ar chistiú atá éifeachtach i dtaobh costais de a uasmhéadú. Chuir an Banc Infheistíochta Eorpach (EIB) téarmaí tascacha ar fáil do €50m ar a mhéid de chistiú fiachais don tríú beart de scoileanna CPP, a bhfuil coinne leis go mbainfidh siad críoch airgeadais amach níos déanaí i mbliana.

I bpáirtíocht leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, tá ple á éascú ag an NDFA idir an EIB agus an Roinn Oideachais agus Scileanna maidir le soláthar iasachta díri don Státchiste le clár a mhaoiniú lena mbaineann tionscadail fheabhsaithe foirgneamh scoile atá le soláthar ar bhonn traidisiúnta (neamh-CPP).

Anuas air sin, lean an NDFA le dul i dteagmháil le Banc Forbartha Chomhairle na hEopra (CEB), a chuireann cistiú atá ar ísealchostas ar fáil do thionscadail i roinnt earnálacha, lena n-áirítear sláinte, oideachas agus tithíocht shóisialta.

### Coiste Conarthaí Tógála an Rialtais

I ndiaidh iarratais ó Choiste Conarthaí Tógála an Rialtais (an GCCC), bhí an NDFA ag oibriú leo chun cáipéis treorach a fhorbairt le haghaidh breithmheas conraitheoirí faoi chonarthaí GCCC. Tá sé seo anois sna céimeanna deiridh d'fhaomhadh leis an gCoiste agus tá coinne leis go gcruthóidh seo an bonn le treoir nua a eiseoidh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i dtaca le breithmheas airgeadais cáipéisí conartha GCCC.

### Tacaíocht Riaracháin Conradh CPP (céim iarthógála)

Sa mhullach ar chomhairle réamhsholáthair a chur ar fáil maidir le cistiú agus maoiniú tionscadal, comhairle um sholáthar le linn an tionscadail agus gníomhaíochtaí seachadta tionscadal CPP, chuir an NDFA comhairle céim iarthógála ar fáil don lucht urraithe tionscadail, faoi mar a iarradh, maidir le líon tionscadail CPP a cuireadh i gcrích go hiomlán agus atá anois oibríochtúil. Mar shampla, maidir leis an gCúirt Bhreithiúnais, Ionad Comhdhála, Baile Átha Cliath agus na Tionscadail Fhíolótacha Scoile (nach raibh feidhm sholáthair ag an NDFA iontu), chabhraigh an NDFA leis an lucht urraithe a chinntiú go bhfuil na meicníochtaí íocaíochta conradh CPP ag oibriú go héifeachtach, agus lámhleabhair íocaíochta a chruthú le haghaidh tacaíocht oiliúna d'fhoireann nua faoi mar a theastaíonn, agus comhairle a chur ar fáil don údarás urraithe maidir le cur i bhfeidhm praiticiúil na meicníochta íocaíochta féachaint le héifeachtúlacht agus le héifeachtacht a fheabhsú.

# Rialachas

## Bord an NDFA

Tá ag an NDFA Bord ina bhfuil Cathaoirleach agus seachtar gnáthbhall eile. Is é Príomhfheidhmeannach an NTMA Cathaoirleach an Bhoird. Ceapann an tAire Airgeadais gnáthbhaill den Bhord. Is ball den Bhord Príomhoifigeach Feidhmiúcháin an NDFA. Ceaptar gnáthbhaill ar feadh téarmaí cúig bliana.

Tá ar an mBord a chinntiú go bhfuiltear ag tabhairt faoi fheidhmeanna an NDFA go héifeachtach. Leagtar amach cuspóirí agus spriocanna straitéiseacha atá le baint amach ag an NDFA agus cinntíonn siad go mbaintear amach iad.

Tá na hábhair a leanas á gcoimeád d'fhaomhadh an Bhoird:

- a) Údaráis Tharmilgthe Sínithe
- b) Faomhadh Mórchonarthaí
- c) Beartais agus Pleananna Corparáideacha
- d) Beartas um Bainistíocht Riosca
- e) An Córas Rialaithe Inmheánaigh Airgeadais
- f) Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais an NDFA
- g) Ceapadh Gnóthas Iniúchta Inmheánaigh
- h) Maoirseacht a dhéanamh ar an gCoiste Iniúchta (lena n-áirítear athbhreithniú bliantúil a dhéanamh ar théarmaí tagartha an Choiste)

Ba iad seo a leanas baill den Bhord i gcaitheamh na tréimhse ón 1 Eanáir 2011 go dtí an 29 Meitheamh 2012:

### John Corrigan

Cathaoirleach (ball ex-officio)  
Príomhfheidhmeannach, Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

### Brian Murphy

Príomhoifigeach Feidhmiúcháin  
(Ceaptha ón 12 Eanáir 2009)  
Stiúrthóir, Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

### Fred Barry

(Ceaptha ón 2 Bealtaine 2007 go dtí an 1 Bealtaine 2012)  
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, an tÚdarás um Bóithre Náisiúnta

### Liam Berney

(Ceaptha ón 2 Bealtaine 2007 go dtí an 1 Bealtaine 2012)  
Oifigeach Tionsclaíoch, Comhdháil na gCeardchumann

### Ann Fitzgerald

(Athcheaptha ón 1 Eanáir 2008)  
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, an Ghníomhaireacht Náisiúnta do Thomhaltóirí

### Stewart Harrington

(Ceaptha ón 2 Bealtaine 2007 go dtí an 1 Bealtaine 2012)  
Stiúrthóir, Killeen Properties Limited

### Tony Jones

(Athcheaptha ón 1 Eanáir 2008)  
Sainchomhairleoir Gnó

### Peter McManamon

(Athcheaptha ón 1 Eanáir 2008)  
Cathaoirleach, Ceva Inc.

Amhail ón 29 2012, b'ann do thrí fholúntas ar an mBord. I ndiaidh eág a dtéarmaí oifige, is mian leis an gCathaoirleach buíochas a ghabháil ó chroí le Fred Barry, Liam Berney agus le Stewart Harrington as ucht an t-am a chaith siad agus an iarracht a rinne siad a bhfeidhm a chomhlíonadh amhail baill de Bhord na Gníomhaireachta Náisiúnta Forbartha Airgeadais.

Thionóil an Bord cúig huairé i gcaitheamh 2011.  
Leagtar amach thíos freastal na mball:

<b>Ball den Bhord</b>	<b>Líon na gCruinnithe ar ar Freastalaíodh</b>
John Corrigan	4/5
Brian Murphy	5/5
Ann Fitzgerald	5/5
Fred Barry	5/5
Liam Berney	4/5
Peter McManamon	5/5
Stewart Harrington	5/5
Tony Jones	5/5

### **An Coiste Iniúchta**

Feidhmíonn Coiste Iniúchta an NTMA mar Choiste Iniúchta an NDFA. Déanann Coiste Iniúchta an NTMA maoirseacht ar chórais iniúchta inmheánaigh agus córais rialaithe inmheánaigh an NTMA, mar aon lena gcreat um bainistíocht riosca, próiseas um thuairisciú airgeadais agus ráitis bhliantúla airgeadais. Tá rochtain iomlán gan srian ag na hiniúcháirí inmheánacha agus seachtracha, Ceann Rialaithe agus an tOifigeach Comhlíontacháin ar Choiste Iniúchta an NTMA.

*Baill:*

**Hugh Cooney**

Cathaoirleach, Ball de Bhord Comhairleach an NTMA

**Brendan McDonagh**

Ball de Bhord Comhairleach an NTMA

**Maurice O'Connell**

Ball Neamhspleách Seachtrach

**Peter McManamon**

Stiúrthóir, an NDFA

### **Cóid Chleachtais um Rialachas Corparáideach**

Tá Cóid Chleachtais um Rialachas Corparáideach Comhlachtaí Stáit bunaithe ar ghnáthstruchtúr corparáideach ina bhfuil Bord Stiúrthóirí ar a bhfuil freagracht dhlíthiúil as an gcomhlacht, mar aon le foireann bainistíochta feidhmeannaí agus baill foirne, a thugann faoi na feidhmeanna a leithdháileann an Bord dóibh. Tugann an NDFA faoina bhfeidhmeanna, áfach, tríd an NTMA.

Chuir Bord an NDFA an Cód i bhfeidhm, mar aon le hé a oiriúnú dá gcúinsí sonracha. Tá cód iompar gnó agus beartas taistil i bhfeidhm do bhaill den Bhord. Tá coinne leis go gcinntíonn baill den Bhord go bhfuil a ngníomhaíochtaí uile á rialú ag na caighdeáin eiticíúla a luaitear sa chód. Ceist lena mbaineann an comhlacht sin is ea Cur i bhFeidhm Chód an NTMA.

Comhlacht forordaithe poiblí is ea an NDFA chun críocha na nAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus 2001. Anuas air sin, is ann do nochtadh ceanglais shonracha leasa faoin Acht um Ghníomhaireacht Náisiúnta Forbartha Airgeadais.

### **Iniúcháirí**

I gcomhréir leis na ceanglais reachtúla, déanann an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste iniúchadh ar an NDFA. Úsáideann an NDFA feidhm iniúchta inmheánaigh an NTMA. Cuireann gnóthas seachtrach iniúcháirí leis an obair seo, PricewaterhouseCoopers faoi láthair, a thugann faoi obair iniúchta inmheánaigh.

Tá ar Chathaoirleach agus Príomhoifigeach Feidhmiúcháin an NDFA fianaise a thabhairt do Choiste Cuntas Poiblí Dháil Éireann. Cuimsíonn an fhianaise sin rialú agus dílsiú an uile idirbhirt den NDFA, costéifeachtacht agus éifeachtúlacht an NDFA, agus na gcóras, nósanna imeachta agus na gcleachtas de chuid an NDFA. Ba é an uair dheireanach a tugadh fianaise don Choiste an 22 Aibreán 2010.

Ba mhaith leis an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin agus leis an mBord a mbuíochas a chur in iúl d'iarreachtaí na foirne uile ag a raibh páirt in oibríochtaí an NDFA.

# Aguisíní

## LIOSTA NA NÚDARÁS STÁIT

Seo a leanas liosta de na hÚdaráis Stáit ar a bhfuil dualgas faoi láthair chun dul i gcomhairle leis an NDFA chun comhairle airgeadais a fháil i dtaca le mórthionscadail infheistíochta poiblí.

### Údaráis Stáit amhail a liostaítear iad sa Sceideal leis an Acht um NDFA (Leasú), 2007:

1. Aire Rialtais
2. Údarás áitiúil
3. Coimisinéir Oibreacha Poiblí in Éirinn
4. An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta
5. Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
6. Ollscoil laistigh den bhrí a luaitear in Acht na nOllscoileanna, 1997, seachas Coláiste na Tríonóide agus Ollscoil Bhaile Átha Cliath
7. Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath
8. Coláiste laistigh den bhrí a luaitear in Alt 2 d'Acht na gColáistí Teicniúla Réigiúnacha, 1992
9. Coiste gairmoideachais laistigh den bhrí a luaitear in Alt 7 den Acht Gairmoideachais, 1930
10. An tSeirbhís Chúirteanna
11. Údarás cuain laistigh den bhrí a luaitear sna hAchtanna Cuanta, 1946-1976
12. Bus Átha Cliath
13. Bus Éireann
14. Córas Iompair Éireann
15. An Ghníomhaireacht um FHáil Iarnróid
16. An Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach
17. Aon údarás poiblí atá ann atá forordaithe le hordú

## RÁITIS AIRGEADAIS

Tugann an NDFA comhairle d'Údarás Stáit ar sholáthar, seachadadh agus maoiniú tionscadal. Ach fanann na tionscadail seo ar chláir comhardaithe na Roinne ábhartha agus ní léirítear iad i gcuntais an NDFA. Tá na leithdháiltí do na Ranna ábhartha i dtaca le tionscadail CPP le fáil sna leithdháiltí ilbhliantúla sa Bhuiséad.

Ceanglaítear faoi Alt 20 den Acht um Ghníomhaireacht Náisiúnta Forbartha Airgeadais, 2002, go gcoinnítear i cibé foirm a cheadóidh an tAire Airgeadais, gach cuntas ceart agus gach gnáthchuntas. Ní mór cuntas ar leith de na táillí riaracháin agus de na costais a thabhaigh an NDFA i dtabhairt faoina bhfeidhmeanna a chur san áireamh sna cuntais. Faoi mar a mhínítear thuas, áfach, tá an fhoireann a oibríonn ar chúrsaí de chuid an NDFA fostaithe go heisiach ag an NTMA.

Is iad seo a leanas na costais riaracháin a thabhaigh an NDFA in 2011 agus in 2010:

	2011 €	2010 €
Táillí agus Costais an Bhoird	75,600	75,600
Táillí Iniúchta	5,640	5,280
	<b>81,240</b>	<b>80,880</b>

I dteannta na gcostas thuas, ba é €5,797,162 (2010: €7,097,698) na costais riaracháin a thabhaigh an NTMA i dtabhairt faoi fheidhmeanna an NDFA in 2011. Áirítear na costais seo i gcostais riaracháin an NTMA agus gearrtar iad ar an Lárchiste. Ní iarrann an NTMA ar aisíocaíocht na gcostas seo ó Údarás an Stáit.





# Ráitis Airgeadais An Gníomhaireacht Náisiúnta Forbartha Airgeadais

Don Bhliain Dar Críoch An 31 Nollaig 2011

Baill den Bhord agus Faisnéis Eile	26
An Ráiteas ar Fhreagrachtaí na Gníomhaireachta	27
An Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais	28
Tuarascáil na nIníúcháirí	30
Beartais Chuntasaíochta	32
An Cuntas Ioncaim agus Caiteachais	33
An Cuntas Riaracháin	34
Clár Comhardaithe	35
Nótaí leis na Cuntais	36

# Baill Den Bhord Agus Faisnéis Eile

## BAILL DEN BHORD

**John C. Corrigan** – Cathaoirleach

**Brian Murphy** – Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

**Fred Barry** (téarma éagtha an 1 Bealtaine 2012)

**Liam Berney** (téarma éagtha an 1 Bealtaine 2012)

**Ann Fitzgerald**

**Stewart Harrington** (téarma éagtha an 1 Bealtaine 2012)

**Tony Jones**

**Peter McManamon**

## INIÚCHÓIRÍ

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Caisleán Bhaile Átha Cliath

Baile Átha Cliath 2

# An Ráiteas Ar Fhreagrachtaí Na Gníomhaireachta


Ceanglaítear ar an nGníomhaireacht Náisiúnta Forbartha Airgeadais (“an Gníomhaireacht”) faoin Acht um Gníomhaireacht Náisiúnta Forbartha Airgeadais, 2002 le ráitis airgeadais a ullmhú maidir lena n-oibríochtaí le haghaidh gach bliain airgeadais.

Agus na ráitis sin á n-ullmhú, déanann an Gníomhaireacht an méid a leanas:


- beartais chuí chuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama;
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh mura bhfuil se mí-oiriúnach a amhlaidh a dhéanamh;
- aon imeacht ábhartha ó na caighdeáin infheidhme chuntasaíochta a nochtadh agus a mhíniú.

Tá Bord na Gníomhaireachta freagrach as gach cuntas cuí agus gach gnáthchuntas ar gach airgead a fhaightear tríd nó a chaitear tríd mar aon le gach idirbheart airgeadais agus eile faoina dtugtar i bhfeidhmiú a bhfeidhmeanna a choimeád i cibé foirm a cheadóidh an tAire Airgeadais. Tá an Gníomhaireacht freagrach as cuntais chuntasaíochta a choimeád ina nochtar le cruinneas réasúnta ag aon tráth staid airgeadais na Gníomhaireachta.

Ina theannta sin, tá Bord na Gníomhaireachta freagrach as na sócmhainní a chosaint atá faoina rialú agus, dá bhrí sin, as dul i mbun bearta réasúnta d’fhonn calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.



**John C. Corrigan**  
Cathaoirleach  
An Gníomhaireacht Náisiúnta Forbartha Airgeadais



**Brian Murphy**  
An Príomhoifigeach Feidhmiúcháin  
An Gníomhaireacht Náisiúnta Forbartha Airgeadais

An 29 Meitheamh 2012

# An Ráiteas Ar Rialú Inmheánach Airgeadais

## FREAGRACHT MAIDIR LEIS AN GCÓRAS RIALAITHE IMHEÁNAIGH AIRGEADAIS

Admhaíonn an Bord, an fhreagracht atá orthu a chinntiú go bhfeidhmítear agus go gcothaítear córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais.

Ní féidir leis an gcóras ach dearbhú réasúnta agus ní dearbhú iomlán a thabhairt go bhfuil sócmhainní faoi chosaint, go bhfuil idirbhearta údaraithe agus taifeadta mar is cuí, agus go gcuirtear cosc ar earráidí agus ar mhírialtachtaí ábhartha nó go ndéanfaí iad a bhrath laistigh de thréimhse thráthúil.

## PRÍOMHNÓSANNA IMEACHTA RIALAITHE

I gcomhréir le hAlt 11 den Acht um Ghníomhaireacht Náisiúnta Forbartha Airgeadais, 2002, feidhmíonn an NDFA a gcuid feidhmeanna trí Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (“an NTMA”).

Ghlac an Bord, i bpáirtíocht leis an NTMA, bearta le timpeallacht oiriúnach rialaithe a chinntiú i ndáil leis an NDFA tríd an méid a leanas a dhéanamh:

- freagrachtaí bainistíochta a shainiú go soiléir;
- nósanna imeachta foirmiúla a bhunú d’iompar gnó ag an NDFA;
- Cód Iompair an NDFA um Bainistiú Coinbhleacht Leasa a bhunú;
- nósanna imeachta foirmiúla a bhunú chun clistí suntasacha rialaithe a thuairisciú agus chun gníomhartha cuí ceartaithe a chinntiú.

Bhunaigh an NDFA próisis le rioscaí gnó a shainiú agus le measúnú a dhéanamh orthu tríd an méid a leanas:

- cineál, méid agus impleachtaí airgeadais na rioscaí a shainiú atá roimh an eagraíocht;
- measúnú a dhéanamh ar an gcosúlacht go dtarlóidh na rioscaí a sainiú;
- measúnú a dhéanamh ar chumas na heagraíochta chun na rioscaí a bhainistiú agus a mhaolú a tharlaíonn;
- measúnú a dhéanamh ar chostais rialaithe áirithe a oibriú i gcomparáid leis an tairbhe a bhainfidh siad amach.

Tá an córas rialaithe inmheánaigh airgeadais bunaithe ar chreat d'fhaisnéis bhainistíochta rialta, nósanna imeachta riaracháin, lena n-áirítear leithscaradh dualgas, agus córas tairmligin agus cuntasaióchta. Áirítear leis, go sonrach:


- córas cuimsitheach buiséadaithe do riar chostais an NDFA (seachas costais Bhord an NDFA) a thabhaíonn an NTMA;
- spriocanna a leagan síos chun feidhmíocht airgeadais agus feidhmíocht eile a thomhas;
- disciplíní foirmiúla um bainistiú tionscadal;
- nósanna imeachta atá sainmhínithe go soiléir ar sholáthar.

Tá ag an NTMA feidhm iniúchta inmheánaigh, a oibríonn i gcomhréir leis an gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit. Cuireann anailís ar na rioscaí oibriúcháin a bhfuil an NDFA nochtaithe dóibh faisnéis ar fáil d'obair an iniúchta inmheánaigh, agus tá pleananna bliantúla iniúchta inmheánaigh bunaithe ar an anailís seo. Cuireann an tIniúcháir Inmheánach (PricewaterhouseCoopers faoi láthair) tuarascáil ar fáil don NTA agus don NDFA ar ghníomhaíocht iniúchta inmheánaigh. Áirítear leis an tuarascáil seo measúnú an Iniúcháir Inmheánaigh ar leordhóthanacht agus ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais.


Cuireann obair an iniúcháir inmheánaigh, na mbainisteoirí feidhmiúcháin laistigh den NTMA atá freagrach as forbairt agus cothabháil an chreata rialaithe airgeadais, agus tuairimí a nochtann an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste ina litir bhainistíochta nó i dtuarascálacha eile faisnéis ar fáil do mhonatóireacht agus athbhreithniú an NTMA ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais. Sa mhullach air sin, suíonn ball de Bhord an NDFA ar Choiste Iniúchta an NTMA a léiríonn leas an Bhoird NDFA. Coimeádann an ball den Bhord Bord an NDFA ar an eolas faoi na hábhair sin a bhaineann leis an NDFA.

## ATHBHREITHNIÚ BLIANTÚIL AR RIALÚ

Thug Coiste Iniúchta an NTMA, le hionadaithe ó Bhord an NDFA, faoi athbhreithniú ar éifeachtúlacht chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais an NDFA maidir leis an mbliain dar críoch an 31 Nollaig 2011.



**John C. Corrigan**  
Cathaoirleach  
An Ghníomhaireacht Náisiúnta Forbartha Airgeadais



**Brian Murphy**  
An Príomhoifigeach Feidhmiúcháin  
An Ghníomhaireacht Náisiúnta Forbartha Airgeadais

An 29 Meitheamh 2012

# An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste

le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## AN GHNÍOMHAIREACHT NÁISIÚNTA FORBARTHA AIRGEADAIS

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais na Gníomhaireachta Náisiúnta Forbartha Airgeadais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2011 faoin Acht um Gníomhaireacht Náisiúnta Forbartha Airgeadais, 2002. Áirítear sna ráitis airgeadais, a ullmhaíodh faoi na beartais chuntasaíochta a leagtar amach iontu, na beartais chuntasaíochta, an cuntas ioncaim agus caiteachais, an cuntas riaracháin, an clár comhardaithe agus na nótaí bainteacha. Dlí infheidhme atá sa chreat um thuairisciú airgeadais, a cuireadh chun feidhme san ullmhú a rinne siad, agus sa Chleachtas Cuntasaíochta lena bhfuil Glacadh Ginearálta in Éirinn.

## FREAGRACHTAÍ BHORD NA GNÍOMHAIREACHTA

Tá Bord na Gníomhaireachta freagrach as ullmhú na ráiteas airgeadais, lena chinntiú go dtugtar léiriú fíor agus cóir ar staid ghnóthaí na Gníomhaireachta agus ar a n-ioncam agus caiteachas, agus le rialtacht idirbheartaíochtaí a chinntiú.

## FREAGRACHTAÍ AN ARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE

Táimse freagrach as iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais agus tuairisc a dhéanamh orthu de réir an dlí infheidhme.

Tugaimse faoi m'iniúchadh trí thagairt a dhéanamh do na breithniúcháin speisialta lena mbaineann comhlachtaí Stáit i ndáil lena mbainistiú agus lena n-oibriú.

Tugaimse faoi m'iniúchadh de réir na gCaighdeán idirnáisiúnta Iniúchta (an RA agus Éire) mar aon le Caighdeán Eitice an Bhoird Chleachtas Iniúchta le haghaidh Iniúchóirí a chomhlíonadh.

## SCÓIP INIÚCHADH NA RÁITEAS AIRGEADAIS

Is éard a bhaineann le hiniúchadh fianaise a fháil faoi shuimeanna agus nochtadh sna ráitis airgeadais, ar leor iad lena chinntiú go réasúnta nach ann d'aon mhíríteas ábhartha sna ráitis airgeadais, bíodh calaois nó earráid is cúis leis. Áirítear leis seo measúnú ar an méid a leanas

- cibé acu an cúí nó nach cúí do na beartais chuntasaíochta do chúinsí na Gníomhaireachta, agus ar cuireadh i bhfeidhm nó nár cuireadh go comhsheasmhach agus ar nochtáíodh nó nár nochtáíodh iad go cúí
- réasúntacht na mórmheastachán cuntasaíochta a rinneadh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, agus
- cur i láthair iomlán na ráiteas airgeadais.

Ina theannta sin, tugaim faoi fhianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheartaíochtaí airgeadais i gcúrsa an iniúchta.

Sa mhullach air sin, déanaim an fhaisnéis uile airgeadais agus neamhairgeadais a léamh sa tuarascáil bhliantúil le haon mhíríteachtaí ábhartha leis na ráitis airgeadais ar a ndearnadh iniúchadh. Má thugaim aon mhíríteis nó mhíríteachtaí dealraitheacha ábhartha, déanaim breithniú a n-impleachtaí i leith mo thuarascála.



## TUAIRIM FAOI NA RÁITIS AIRGEADAIS

I mo thuairim, tugtar seasamh fíor agus cóir ar staid ghnóthaí na Gníomhaireachta amhail an 31 Nollaig 2011 agus ar a gcuid ioncaim agus caiteachais le haghaidh na bliana a chríochnaigh um an dtaca sin sna ráitis airgeadais a ullmhaíodh i gceart de réir an Chleachtais Chuntasaíochta lena bhfuil Glacadh Ginearálta in Éirinn.


I mo thuairim, choimeád an Gníomhaireacht leabhair chuí chuntais. Tá na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na leabhair chuntais.

## ÁBHAR AR A DTUAIRISCÍM TRÍ EISCEACTH

Déanaim tuairisciú trí eisceacht sna cásanna a leanas:

- Mura bhfuair mé an uile fhaisnéis agus mhíniúchán a theastaigh uaim chun m'iniúchadh a dhéanamh, nó
- thug mé aon chás ábhartha faoi deara i míniúchadh nár caitheadh airgead chun a gcríoch beartaithe nó sa chás nach raibh na hidirbheartaíochtaí i gcomhréir leis na húdaráis a bhí á rialú, nó
- níl an fhaisnéis a thugtar sa Tuarascáil Bhliantúil don bhliain, a ndearnadh na ráitis airgeadais a ullmhú di, comhsheasmhach leis na ráitis airgeadais, nó
- ní léiríonn an Ráiteas um Rialú Airgeadais Inmheánaigh comhlíonadh na Gníomhaireachta an Chóid Iompair le haghaidh Rialachas Comhlachtaí Stáit, nó
- Tugaim faoi deara gurb ann d'ábhair eile ábhartha lena mbaineann an bealach a tugadh faoi ghnó poiblí.

Níl aon rud le tuairisciú agam i ndáil leis na hábhair sin a dhéantar a thuairisciú trí eisceacht.



Séamus McCarthy

An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste

An 29 Meitheamh 2012

# Beartais Chuntasaíochta

## CÚLRA

Bunaíodh an Gníomhaireacht Náisiúnta Forbartha Airgeadais (“an NDFA”) ar odrú an Aire Airgeadais an 1 Eanáir 2003 faoin Acht um Gníomhaireacht Náisiúnta Forbartha Airgeadais, 2002.

Is iad seo a leanas na beartais shuntasacha chuntasaíochta ar glacadh leo maidir leis an nGníomhaireacht Náisiúnta Forbartha Airgeadais:

## BONN AN ULLMHÚCHÁIN

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir an Acht um Gníomhaireacht Náisiúnta Forbartha Airgeadais, 2002, i bhformáid a bhí faofa ag an Aire Airgeadais.

Tugann na ráitis airgeadais achoimre ar idirbhearta agus ar staid airgeadais na Gníomhaireachta Náisiúnta Forbartha Airgeadais.

## TRÉIMHSE THUAIRISCITHE

Is í an tréimhse thuairiscithe an bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2011.

## ARIGEADRA TUAIRISCITHE

Is é an Euro an t-airgeadra tuairiscithe, rud a thaispeántar leis an tsiombail €.

## AITHINT IONCAIM

Cuirtear loncam i gcuntas ar bhonn fabhrúithe.

## COSTAIS


Cuirtear costais i gcuntas sa bhliain ina mbíonn siad dlite.

Faoin Acht um Gníomhaireacht Náisiúnta Forbartha Airgeadais, 2002, ní ghearrtar ach costais dhíreacha a bhíonn tabhaithe ag an nGníomhaireacht Náisiúnta d’Fhorbairt Náisiúnta ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais. Bíonn gach costas riaracháin eile á thabhiú ag Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta agus nochtar iad i bhfoirm nóta amháin.


Gearrtair táillí agus costais a tabhaíodh maidir le feidhmeanna airgeadais agus comhairleacha na Gníomhaireachta ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais agus aisíocann an tÚdarás ábhartha Stáit iad.

# An Cuntas Ioncaim Agus Caiteachas don bhliain dar críoch an 31 Nollaig

	Nótaí	2011 €	2010 €
Ioncam	1	3,231,097	5,035,339
Táillí agus costais tionscadal	2	(3,149,857)	(4,954,459)
Aistriú chuig an gCuntas Riaracháin	3	(81,240)	(80,880)
Glanioncam don tréimhse		<b>Neamhní</b>	Neamhní



**John C. Corrigan**  
Cathaoirleach  
An Ghníomhaireacht Náisiúnta Forbartha Airgeadais



**Brian Murphy**  
An Príomhoifigeach Feidhmiúcháin  
An Ghníomhaireacht Náisiúnta Forbartha Airgeadais


An 29 Meitheamh 2012

Tá na Beartais Chuntasaíochta agus Nótaí 1 go 11 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.


# An Cuntas Riaracháin

## don bhliain dar críoch an 31 Nollaig

	Nótaí	2011 €	2010 €
Aistriú ón gCuntas Ioncaim agus Caiteachais	3	81,240	80,880
Costais Riaracháin na Gníomhaireachta	4	(81,240)	(80,880)
Glanioncam/(glanchaiteachas)		<b>Neamhní</b>	Neamhní



**John C. Corrigan**  
Cathaoirleach  
An Ghníomhaireacht Náisiúnta Forbartha Airgeadais



**Brian Murphy**  
An Príomhoifigeach Feidhmiúcháin  
An Ghníomhaireacht Náisiúnta Forbartha Airgeadais


An 29 Meitheamh 2012

Tá na Beartais Chuntasaíochta agus Nótaí 1 go 11 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.


# Clár Comhardaithe

## An 31 Nollaig

	Nótaí	2011 €	2010 €
<b>Sócmhainní</b>			
Féichiúnaithe	5	986,152	947,485
<b>Dlíteanais</b>			
Creidiúnaithe	6	986,152	947,485
<b>Sócmhainní Iomlána lúide Dlíteanais</b>		<b>Neamhní</b>	<b>Neamhní</b>
<b>In ionannas do</b>			
Cúlchistí Carnacha	8	Neamhní	Neamhní



**John C. Corrigan**  
Cathaoirleach  
An Ghníomhaireacht Náisiúnta Forbartha Airgeadais



**Brian Murphy**  
An Príomhoifigeach Feidhmiúcháin  
An Ghníomhaireacht Náisiúnta Forbartha Airgeadais

An 29 Meitheamh 2012

Tá na Beartais Chuntasaíochta agus Nótaí 1 go 11 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.

# Nótaí Leis Na Cuntais

## 1. Ioncam

	2011 €	2010 €
Aisíocaíocht costais chomhairleacha ó Údarás Stáit	3,149,857	4,954,459
Lárchiste [Nóta 7(a)]	81,240	80,880
	<u>3,231,097</u>	<u>5,035,339</u>

## 2. Táillí agus costais tionscadal

Gearrtar táillí agus costais a bhíonn tabhaithe ag an nGníomhaireacht Náisiúnta Forbartha Airgeadais i gcur i gcrích a bhfeidhmeanna maoinithe agus comhairleacha maidir le tionscadail infheistíochta poiblí ar leith ar chaiteachas, de réir an Achta um Gníomhaireacht Náisiúnta Forbartha Airgeadais (Leasú), 2007.

	2011 €	2010 €
Táillí comhairleachta	2,454,450	3,791,956
Táillí dlí	695,087	1,160,513
Costais tionscadail eile	320	1,990
	<u>3,149,857</u>	<u>4,954,459</u>

## 3. Aistriú chuig an gCuntas Riaracháin ón gCuntas Ioncaim agus Caiteachais

Is ionann an tsuim seo €81,240 (2010 - €80,880) agus an tsuim a theastaigh le hóc as costais áirithe riaracháin de chuid na Gníomhaireachta.

# Nótaí Leis Na Cuntais

(ar leanúint)

## 4. a) Costais Riaracháin

Leagtar amach costais riaracháin na Gníomhaireachta thíos ar bhonn fabhráithe:

	2011 €	2010 €
Táillí an Bhoird	75,600	75,600
Táillí Iniúchta	5,640	5,280
	<b>81,240</b>	<b>80,880</b>

I dteannta na gcostas thuas, ba é €5,797,162 (2010 €7,097,698) na costais riaracháin a thabhaigh Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta i dtabhairt faoi fheidhmeanna an NDFA. Áirítear costais seo an NTMA, ina measc, luach saothair an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin, dá dtagraítear thíos, i gcostais riaracháin Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta agus gearrtar iad ar an Lárchiste. Ní iarrann an NTMA ar aisíocaíocht na gcostas seo ó Údarás an Stáit.

Ba é €9,028,259 (2010: €12,133,037) an costas iomlán d'oibriúcháin na Gníomhaireachta sa bhliain agus déantar é a mhaoiniú mar seo a leanas:

	2011 €	2010 €
Táillí agus costais tionscadal	3,149,857	4,954,459
Táillí riaracháin agus costais a ghearr an Gníomhaireacht ar an Lárchiste	81,240	80,880
Táillí riaracháin agus costais a thabhaigh an NTMA agus a gearradh ar an Lárchiste	5,797,162	7,097,698
	<b>9,028,259</b>	<b>12,133,037</b>

# Nótaí Leis Na Cuntais

(ar leanúint)

## 4. b) Luach Saothair agus Costais

Is é an tAire Airgeadais a leagann amach luach saothair bhall den Bhord.

Baill den Bhord: €12,600 per annum

Áirítear le luach saothar na mball den Bhord a leagtar amach thuas laghdú 10% ar tháillí a cheadaigh an Bord ar iarraidh an Aire Airgeadais in 2009.

Níor íocadh as aon chostais lenar bhain baill den Bhord in 2011.

Ní fhaigheann an Cathaoirleach ná an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin aon luach saothair i dtaca lena mballraíocht den Bhord.

### Luach Saothair an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin 2011:

Tuarastal:	€330,000
Sochair incháinaithe	€23,969

Is é an NTMA a dheimhníonn luach saothair an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin tar éis comhairle a fháil ó Choiste Comhairleach an NTMA.

Tá luach saothair an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin comhdhéanta de thuarastal bunúsach, sochair incháinaithe (carr agus árachas sláinte) agus íocaíochtaí a bhaineann le feidhmíocht a mhéid le 60% den tuarastal bliantúil. I bhfianaise na ndúshlán geilleagrach atá roimh an tír, tharscaoil an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus na baill eile d'fhoireann shinsearach an NTMA an pá a bhaineann le feidhmíocht a bronnadh do 2011 agus 2010.

Ní sháraíonn teidlíocht phinsin an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin na teidlíochtaí caighdeánacha atá i scéim shamhla aoisliúntais shochair shainithe na hearnála poiblí.



# Nótaí Leis Na Cuntais

(ar leanúint)

## 5. Féichiúnaithe

	2011 €	2010 €
Infhaighte ó Údaráis Stáit	966,695	936,205
Infhaighte ón Lárchiste	18,621	11,280
Infhaighte ón NTMA	836	-
	985,152	947,485

## 6. Creidiúnaithe

	2011 €	2010 €
Suimeanna dlite don Lárchiste (nóta 7(b))	149,256	164,942
Táillí comhairliúcháin agus dlí iníoctha	740,918	597,502
Seirbhísí Gairmiúla a Choinníonn Siar Cáin Iníoctha	82,998	179,401
Cáin Phárolla iníoctha	7,341	-
Costais Fhabhráithe	5,639	5,640
	986,152	947,485

# Nótaí Leis Na Cuntais

## (ar leanúint)

### 7. An Lárchiste

- (a) Tarraingítear táillí riaracháin an NDFA ón Lárchiste Ullmhaítear na cuntais ar bhonn fabhráithe. Réitítear loncam an Lárchiste le hairgead a tarraingíodh do chostais, amhail a leanas:

	2011 €	2010 €
Suimeanna a tarraingíodh ón Lárchiste	54,022	75,600
Cistí a aistríodh ó 7 (b) thíos	19,877	-
Méadú/(laghdú) ar fheichiúnaí an Lárchiste	7,341	5,280
	<hr/>	<hr/>
Costais Riaracháin (Nóta 4)	<b>81,240</b>	<b>80,880</b>

- (b) Réamhíoctar suimeanna ón Lárchiste le híocaíocht táillí comhairliúcháin sheachtraigh a thabhaíonn an Ghníomhaireacht i gcrích a bhfeidhmeanna maoinithe agus comhairleacha maidir le tionscadail infheistíochta poiblí ar leith. Aisghnóthaítear na táillí agus na costais seo ó Údaráis Stáit agus aisíoctar na suimeanna a réamhíocadh leis an Státchiste. Mínítear an ghluaiseacht sna méideanna a réamhíocadh leis an NDFA le linn na tréimhse amhail a leanas:

	2011 €	2010 €
Dlite don Lárchiste ag tús na tréimhse	164,942	161,998
Réamhíochta le linn na tréimhse	2,509,415	3,830,566
Aisíochta le linn na tréimhse	(2,505,224)	(3,827,622)
Cistí a úsáideadh le costais a sheach-chur a thabhaítear in 7 (a) thuas	(19,877)	-
	<hr/>	<hr/>
Dlite don Lárchiste ag deireadh na tréimhse (Nóta 6)	<b>149,256</b>	<b>164,942</b>

# Nótaí Leis Na Cuntais

(ar leanúint)

## 8. Cúlchistí Carnacha

	2011 €	2010 €
Glanioncam don tréimhse	-	-
larmhéid tosaigh	<b>Neamhní</b>	<b>Neamhní</b>

## 9. Dliteanais Reatha

Ní raibh aon dliteanais theagmhasacha ag an nGníomhaireacht Náisiúnta Forbartha Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2011.

## 10. Páirtithe gaolmhara

### An tAire Airgeadais

Is é an tAire Airgeadais a cheap baill de Bhord na Gníomhaireachta Náisiúnta Forbartha Airgeadais, mar atá leagtha amach ar leathanach 3, faoi alt 12 den Acht.

Faoi Alt 7 den Acht, féadfaidh an tAire aisíocaíocht d'iasachtaí na Gníomhaireachta a ráthú, nó aon sainchomhlacht a bhunaigh an Gníomhaireacht i bhfeidhmiú a ngníomhaíochtaí. Níor tugadh aon ráthanna dá leithéid sin le linn na tréimhse.

### Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

I gcomhréir le hAlt 11 den Acht um Gníomhaireacht Náisiúnta Forbartha Airgeadais, 2002, tugann an NDFA faoina gcuid feidhmeanna trí Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta.

## 11. Faomhadh na Ráiteas Airgeadais

D'fhaomhaigh an Bord na Ráitis Airgeadais an 31 Bealtaine 2012.

Nótaí

Nótaí

Nótaí



## Ghníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta

Ghníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta  
Árasan Chisteáin,  
Sráid na Canála Móire,  
Baile Átha Cliath 2  
Éire

**Teil:** 353 1 664 0800

**Facs:** 353 1 676 6582

**Email:** [info@ndfa.ie](mailto:info@ndfa.ie)

**Web:** [www.ndfa.ie](http://www.ndfa.ie)